Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2022
(OR. en)

10647/22

ECOFIN 669
UEM 185
SOC 400
EMPL 271

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2022 faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2022 faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, arna bhformhuiniú ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais an 29-30 Meitheamh 2022.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2022 faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha**

Maidir leis an gComhairle (Ecofin):

1. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil geilleagar an Aontais ag téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 cé go bhfuil roinnt mhaith éiginnteachtaí fós ann agus iad ag dul i méid, go háirithe mar gheall ar an mborradh mór atá tagtha ar phraghsanna fuinnimh agus tráchtearraí agus tionchair eile a d’eascair as an gcogadh foghach atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráine. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil trí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá sceidealaithe sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, agus go gcuirfeadh sé le hathléimneacht gheilleagair an Aontais, go bhfeabhsófaí an acmhainneacht fáis agus go laghdófaí leochaileachtaí maicreacnamaíocha.

2. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé leanúint den dlúthchomhordú ar an mbeartas eacnamaíoch san Aontas, lena n-áirítear míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chuireann bac ar dhea-fheidhmiú gheilleagair na mBallstát, an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta nó gheilleagar an Aontais Eorpaigh ina iomláine a bhrath, a chosc agus a cheartú. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh grinn-athbhreithnithe 2022 i gcomhthéacs an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.

3. AITHNÍONN SÍ gur thosaigh maolú ag teacht ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ar an iomlán leis an téarnamh le linn 2021, tar éis géarchéim COVID-19 stad a bhaint astu, ach an méid sin tarlaithe i dtimpeallacht ina bhfuil ardleibhéal neamhchinnteachta fós ann. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil cóimheasa fiachais phoiblí le OTI fós ard go mór agus os cionn a leibhéil roimh COVID-19 (d’ainneoin laghdú áirithe), de dheasca, den chuid is mó, thionchar an chúlaithe a ghin an phaindéim agus na tacaíochta poiblí a bhí riachtanach chun tionchar an turrainge a mhaolú agus chun an geilleagar a chothú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE ilchineálacht forbairtí sna fiachais phríobháideacha ar fud na mBallstát. D’ainneoin gur thit an fiachas príobháideach in 2021 sa chuid is mó de na Ballstáit, tá sé fós ard agus os cionn na leibhéal roimh COVID-19 i go leor cásanna. CUIREANN SÍ I dTREIS gur chuir ardú praghsanna brú ar fhíorioncaim, rud a d’fhéadfadh, i dteannta coinníollacha maoiniúcháin níos doichte agus luaineacht an ráta malairte, ualach a chur ar sheirbhísiú fiachais ag corparáidí, teaghlaigh agus rialtais, gnéithe ar cheart faireachán níos déine a dhéanamh orthu amach anseo.

4. AITHNÍONN SÍ go bhfuil na seasaimh sheachtracha ag feabhsú arís. Tháinig laghdú beag ar na heasnaimh i gcuntais reatha roinnt tíortha ar glanfhéichiúnaithe iad a bhfuil earnálacha suntasacha turasóireachta trasteorann acu, ach tá siad fós níos airde ná a leibhéil roimh COVID-19. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil barrachais mhóra sa chuntas reatha fós i roinnt Ballstát d’ainneoin laghdú sealadach le linn na paindéime, a d’fhéadfadh a bheith ábhartha ar bhonn trasteorann. Thosaigh feabhas ag teacht ar an gcuid is mó de na staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta diúltacha in 2021. AITHNÍONN SÍ gur dócha go ndéanfaidh praghsanna níos airde ar allmhairí fuinnimh agus tráchtearraí difear do na hiarmhéideanna cuntais reatha. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfear dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhás pá agus ar chúrsaí boilscithe a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis imní ó thaobh iomaíochais de, lena n-áirítear sa limistéar euro.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an fás láidir atá tagtha ar phraghsanna tithe i roinnt mhaith Ballstát, agus an-tóir ar sholáthar teoranta. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh sé go mbeadh níos mó leochaileachta i dteaghlaigh agus i mbainc i ndáil le ceartuithe síos ar phraghsanna tithe, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil comharthaí láidre maidir le róluacháil ar phraghsanna tithe san am céanna le féichiúnas teaghlaigh atá ard agus ag dul in airde.

6. AITHNÍONN SÍ athléimneacht na hearnála baincéireachta le linn na paindéime agus ina diaidh, agus mar a baineadh leas as athchóirithe a bhí déanta roimhe sin. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh leochaileacht ghearrthéarmach a bheith ag baint le luaineacht na mbannaí ceannasacha, a gcaithfear dlúthfhaireachán a dhéanamh uirthi. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur lean na Ballstáit a bhfuil iasachtaí neamhthuillmheacha arda oidhreachta acu á laghdú, go suntasach i roinnt cásanna.

7. IARRANN SÍ GO nDÉANFAÍ aireachas agus gníomhaíocht beartais thráthúil, de réir mar is gá, a mhéid a bhaineann le rátaí ard boilscithe as cuimse, arb é an méadú géar ar phraghsanna fuinnimh agus bia agus suaitheadh soláthair is mó is cúis leis, chomh maith le héileamh láidir, chun na grúpaí is leochailí a chosaint ar bhealach spriocdhírithe sealadach, agus chun meathlú agus teacht chun cinn míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc. CUIREANN SÍ I dTREIS a phráinne is atá sé aghaidh a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha a bhaineann leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas, lena n-áirítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus allmhairí breosla iontaise a aistriú ón Rúis, chun athléimneacht gheilleagair an Aontais a neartú agus chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a laghdú.

8. AONTAÍONN SÍ le hanailís an Choimisiúin i ngrinn-athbhreithnithe 2022 nach bhfuil aon mhíchothromaíochtaí in Éirinn ná sa Chróit a thuilleadh. AITHNÍONN SÍ go bhfuil na cóimheasa fiachais-OTI tar éis titim go suntasach thar na blianta sna Ballstáit sin agus go bhfuil dinimicí láidre síos ann i gcónaí. AONTAÍONN SÍ go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha fós ann sa Ghréig, san Iodáil agus sa Chipir. AONTAÍONN SÍ go bhfuil míchothromaíochtaí fós ann sa Ghearmáin, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Ísiltír, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa tSualainn.

9. MEASANN SÍ gurb ionann na grinn-athbhreithnithe a rinneadh in 2022 agus anailís chuimsitheach ardchaighdeáin ar staid na tíre i gcás gach Ballstáit a mbíonn athbhreithniú á dhéanamh air. TUGANN SÍ DA hAIRE gur bhain an Coimisiún úsáid as uirlisí ábhartha anailíseacha, agus anailís shubstainteach cháilíochtúil de chomhlánú orthu, i bhfianaise na ndúshlán sonrach a ghabhann le gach geilleagar. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le hanailís réamhbhreathnaitheach i gcomhthéacs na n-éiginnteachtaí móra atá ann faoi láthair agus an mheasúnaithe ar bheartais ábhartha. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil measúnú ar éifeachtaí iarmharta trastíre an-ábhartha i gcónaí.

10. CUIREANN SÍ i dTREIS gur nós imeachta lárnach sa Seimeastar Eorpach é an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha. IARRANN SÍ GO gCUIRFÍ an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha chun feidhme ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear dlúthfhaireachán ar mhíchothromaíochtaí atá ann cheana féin agus ar mhíchothromaíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus go ndéanfaí idirdhealú idir tosca timthriallacha agus struchtúracha, agus ar dhul chun cinn agus riachtanais beartais. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí is atá sé athbhreithnithe rialta cuimsitheacha tráthúla iltaobhacha a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus an gá atá le hanailísí íogaireachta a ionchorprú a thuilleadh chun an timpeallacht dhomhanda atá ag athrú go tapa agus nach féidir a thuar a mheas. Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe ar rialachas eacnamaíoch, CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfear filleadh ar fhéilire traidisiúnta an tSeimeastair Eorpaigh, lena n-áirítear athbhreithnithe doimhne a fhoilsiú go luath.

11. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart úsáid lánacmhainneachta a bhaint as an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, ar bhealach trédhearcach leanúnach, chun go n-áiritheofar go mbeidh úinéireacht ag na Ballstáit ar an nós imeachta, lena n-áirítear gníomhachtú an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha i gcásanna inarb iomchuí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus cúrsaí mar atá faoi láthair, nár mheas an Coimisiún gurb iomchuí an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha a sheoladh. ÁITÍONN SÍ gur cheart don Choimisiún, i gcás ina measann sé go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha i mBallstát agus nach molann sé don Chomhairle an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha a chur chun gnímh, gur cheart don Choimisiún na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a mhíniú go soiléir agus go poiblí. MEABHRAÍTEAR DI go mbeidh an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha á phlé ag an gComhairle mar chuid den athbhreithniú a dhéanfar ar an rialachas eacnamaíoch.